



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Sraith Shóisearach 2024

Scéim Mharcála

Oideachas Reiligiúnach

Comhleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do dhaltáí faoi úsáid scéimeanna marcála foilsithe

Níl sé i gceist go mbeidh scéimeanna marcála atá foilsithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit ina ndoiciméid aonair. Is acmhainn riachtanach iad le haghaidh scrúdaitheoirí a gcuirtear oiliúint orthu maidir le léirmhíniú ceart a fháil agus cur i bhfeidhm ceart na scéime. Is éard atá i gceist leis an oiliúint seo, i measc nithe eile, samplaí marcála obair daltaí agus na marcanna a bhronntar a phlé, chun cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Ina dhiaidh sin déanann na Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na gceartaitheoirí chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach agus cruinn na scéime marcála a chinntiú. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh maidir le cé acu ar cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa oibre iarrthóra nó nár cuireadh.

Is dréachtdhoiciméid iad scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear an scéim i gcrích go dtí go gcuireann ceartaitheoirí i bhfeidhm í ar obair iarrthóirí agus go mbailítear an t-aiseolas ó na ceartaitheoirí go léir agus go ndéantar é a mheas maidir leis an réimse iomlán freagraí ó iarrthóirí, maidir le leibhéal iomlán deacrachta an scrúdaithe agus maidir leis an ngá le comhsheasmhacht a chaomhnú ó thaobh caighdeáin de ó bhliain go bliain. Tá an scéim deiridh ar fáil sa doiciméad foilsithe sin, de réir mar a cuireadh i bhfeidhm í ar obair na n-iarrthóirí go léir.

I gcás scéimeanna marcála a chuimsíonn réitigh shamplacha nó freagraí samplacha, is fiú a thabhairt faoi deara nach bhfuil sé i gceist go mbeidh siad uileghabhálach. D'fhéadfadh leaganacha difriúla nó malartacha a bheith inghlactha freisin. Ní mór do scrúdaitheoirí gach freagra a mheas de réir a bhfiúntais, agus moltar dóibh dul i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha i gcás amhrais.

Scéimeanna Marcála sa Todhchaí

Ba chóir go seachnaítear aon tuairim faoi scéimeanna marcála sa todhchaí más tuairimí bunaithe ar scéimeanna ón am atá thart iad. Cé go bhfuil na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, d'fhéadfadh sé go mbeadh athrú ar na sonraí a bhaineann le marcáil cineál faoi leith ceiste i bhfianaise fheidhm na ceiste sin sa scrúdú trí chéile in aon bhliain ar leith. Tá an fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir in aon bhliain ar leith cinneadh a dhéanamh ar conas is fearr a chinntiú go mbeidh measúnú cóir agus cruinn ar obair iarrthóirí agus chun a chinntiú go mbeidh comhsheasmhacht ann maidir le caighdeán an mheasúnaithe ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh athrú ar ghnéithe den struchtúr, mionsonraí agus cur i bhfeidhm na scéime marcála maidir le scrúdú faoi leith ó bhliain amháin go bliain eile gan fógra.

Réamhrá Ginearálta

Maidir leis na torthaí foghlama atá le measúnú in Oideachas Reiligiúnach na Sraithe Sóisearaí (Comhleibhéal) do bhliain áirithe, is sampla iad de na torthaí ábhartha uile atá ar fáil sna trí thábla de thorthaí foghlama atá leagtha amach i sonraíocht Oideachas Reiligiúnach na Sraithe Sóisearaí a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna in 2018. Cé go bhfuil cead ag daltaí leas a bhaint as a dtaithí féin sa scrúdú, ní dhéantar measúnú ar a dtiomantas dá gcreideamh pearsanta agus/ná ar a mbaint le grúpa reiligiúnach ar leith.

Nótaí Mínithe don Scrúdú Deiridh

Nóta	Cur síos	Ciallaíonn sé
MC ✓	Cód MC ✓ san imeall clé de fhreagarleabhar an iarrthóra.	Fianaise ar na Critéir Mharcála don cheist ar fáil den chéad uair i bhfreagarleabhar an iarrthóra.
MC ^x	Cód MC ^x san imeall clé de fhreagarleabhar an iarrthóra.	Níl fianaise ar bith ar na Critéir Mharcála don cheist ar fáil i bhfreagarleabhar an iarrthóra.
[	Cód [san imeall clé de fhreagarleabhar an iarrthóra.	Tús le freagra dúblach ar cheist ar ar bronnadh marcanna cheana.
]	Cód] san imeall clé de fhreagarleabhar an iarrthóra.	Deireadh le freagra dúblach ar cheist ar ar bronnadh marcanna cheana.
	Cód  líne chorrach chothrománach san imeall clé de fhreagarleabhar an iarrthóra.	Leathanach ar a bhfuil freagra ar cheist feicthe ag an scrúdaitheoir ach tá nótaí mínithe/marcanna don cheist sin breactha síos in áit éigin eile.
	Cód:  líne chorrach cheartingearach san imeall clé de fhreagarleabhar an iarrthóra.	Leathanach bán feicthe ag an scrúdaitheoir/ Leathanach feicthe ag an scrúdaitheoir ach níl freagra an iarrthóra ar an gceist le feiceáil ar an leathanach seo.

**Ní mór don iarrthóir gach ceist a fhreagairt.
Tá spás le haghaidh obair bhreise ag deireadh Roinn A sa leabhrán.**

Ceist 1

2 mharc x 4

Ar feadh na gcéadta bliain, tá daoine ag cur ceisteanna faoi conas a thosaigh an domhan nádúrtha. ...

Ó do léamh ar an dearcadh neamhreiligiúnach thuas faoi conas a thosaigh an domhan, críochnaigh na habairtí seo a leanas ag baint úsáid as na focail ón mbosca thíos.

Críochnaíodh abairt amháin mar shampla duit.

Ollphléasc	Bhoilgeog	Ag fás	Bhomaite	Bliain ó shin
------------	-----------	--------	----------	--------------------------

Critéir mharcála agus pointí tagartha:

I bhfreagra den scoth, léireofar tuiscint ar dhearcadh neamhreiligiúnach ar chruthú an domhain/ar an domhan nádúrtha, trí na habairtí ón gcuntas thuas a chríochnú go cruinn ag baint úsáid as na focail a thugtar sa cheist i.e.

- An uair úd, bhí an chruinne iomlán laistigh de - Bhoilgeog.
- Phléasc an chruinne go tobann leis an - Ollphléasc.
- D'fhás an chruinne ó rud a bhí an-bheag, laistigh de - Bhomaite.
- Lean an chruinne ar aghaidh - Ag fás.

Cuir Cód MC ✓ x 4 san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

Ceist 2 (a)

10 marc

Déan cur síos ar scéal faoi thús/chruthú an domhain nádúrtha a bhaineann le ceann amháin de na reiligiúin seo a leanas: an Búdachas, an Chríostaíocht, an Hiondúchas, Ioslam nó an Giúdachas.

Critéir mharcála agus pointí tagartha:

I bhfreagra den scoth, léireofar tuiscint ar dhearcadh reiligiúnach faoi thús/chruthú an domhain nádúrtha trí chuntas cruinn a thabhairt ar thús/chruthú an domhain nádúrtha a bhaineann le reiligiún amháin a liostaítear sa cheist thar aon reiligiún eile m.sh.

- An Búdachas: - scéal a d'inis an Búda faoin gcaoi ar scriosadh an sean-domhan agus a rugadh a áitritheoirí arís; creideamh go dtarlaíonn cruthú arís agus arís eile le linn an ama; níl aon Dia is cruthaitheoir; braitheann gach rud ar gach rud eile; imeachtaí an lae inniu is cúis le himeachtaí san am atá caite agus a bheith ina gcúis le himeachtaí sa todhchaí, srl.
- An Chríostaíocht - cuntais Gheineasas m.sh. scéalta Ádhamh agus Éabha agus cruthú an domhain i gcaitheamh seacht lá, srl.
- An Hiondúchas - scéal faoin cruinne mar aigéan mór le nathair ar snámh ar an dromchla, nuair a dúirt an dia Vishnu leis an dia Brahma an domhan a chruthú, srl.
- Ioslam - tagraítear sa Chórán do Allah ag cruthú gach ní i.e.gach créatúr beo, na pláinéid; tuigtear gur Caliphs (leasionadaithe rí an domhain nó caomhnóirí) Allah iad na daoine agus tá freagracht orthu aire a thabhairt don domhan, srl.

- An Giúdachas - Tugtar le fios i Leabhar Gheineasas gur ó Yahweh/YHWH a tháinig an cruthú; gur cruthaíodh gach rud as grá; go bhfuil an cruthú go maith, srl.

Cód MC ✓ san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

C	DEN SCOTH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG	
<i>Fianaise de chuntas reiligiúnach ar chruthú an domhain/ar an domhan nádúrtha</i>	fianaise mhór	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
<i>Baint le hábhar</i>	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
<i>Úsáid scil(eanna) – tabhair cuntas</i>	den scoth	an-mhaith	maith	Roinnt	beagán	fíorbheagán scileanna/ gan aon scileanna
<i>Cruinneas na bhFiricí</i>	níl aon earráidí móra ann	fíorbheagán earráidí ann	beagán earráidí móra ann	roinnt earráidí móra ann	tá an-chuid earráidí móra ann	earráid shuntasach (earráidí suntasacha)
10 marc	10 – 9	8 - 7	6 - 5	4	3	2 - 0

Ceist 2 (b)

5 marc x 2

Luaigh dhá phointe faoin tuiscint ar an thús/chruthú an domhain nádúrtha atá á léiriú sa scéal a ndearna tú cur síos air i gcuid (a) thuas.

Critéir mharcála agus pointí tagartha:

I bhfreagra den scoth, léireofar saineolas ar thuiscint reiligiúnach ar chruthú/an domhan nádúrtha tríd an tuiscint reiligiúnach ar thús/cruthú an domhain nádúrtha arna chur in iúl sa scéal a gcuirtear síos air i gcuid (a) den cheist a shainaithint go beacht in dhá ráiteas achomair m.sh.

- An Búdachas - creideamh in idirnascadh gach rud; tá sláinte an iomláin ag brath ar shláinte gach cuid; is múinteoir é an dúlra, fórsa spioradálta agus slí beatha; Cúig Fhoraithe an Búda – glaonna ar dtús staonadh ó dhaoine beo a mharú; d'fhéadfadh an dara ceann 'gan an rud nach dtugtar a ghlacadh' cúram a spreagadh don domhan nádúrtha, srl.
- An Chríostaíocht -chruthaigh Dia an domhan agus an chaoi a bhfuil daoine ina maoir ar bhronntanas cruthaitheachta Dé; Feictear Dia mar bhunús, talamh agus sprioc na cruinne, srl.
- An Hiondúchas - creideamh go bhfuil an t-am timthriallach agus mar sin go gcruthaítear an domhan arís agus arís eile agus ní uair amháin agus do gach duine; creideamh go gcruthaítear gach rud i gcothromaíocht agus gur cheart go mairfeadh daoine ar bhealach nach scriosfaidh siad an chothromaíocht sin, srl.
- Ioslam - chruthaigh Allah an domhan as dada; tá gach rud sa chruthú géilliúil do thoil Allah agus rialaíonn sé na cruinne trína orduithe síoraí; Éilíonn Allah ar a lucht leanúna gníomhú mar leas-riarthóirí an domhain, srl.
- An Giúdachas - tugtar le fios leis na scéalta i Leabhar Gheineasas go bhfuil Yahweh/YHWH uilechumhachtach, Cruthaitheoir; Thug Yahweh/YHWH freagracht do dhaoine as an gcruthú agus tá freagracht ar dhaoine aire a thabhairt don chruthú ar an mbealach is mian le Yahweh/YHWH, srl.

Cód MC ✓ x 2 san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

Nóta: Ná gearr pionóis iarmhartacha.

C	DEN SCOTH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG	
Fianaise de thuiscint ar an thús/chruthú an domhain nádúrtha a fhaightear sa scéal a gcuirtear síos air i gcuid (a)	fianaise mhór	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
Baint le hábhar	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
Úsáid scile(anna) - scileanna an-mhaith i gcur síos i ráiteas gonta	den scoth	an-mhaith	maith	roinnt	beagán	fíorbheagán scileanna/ gan aon scileanna
Cruinneas na bhFíricí	níl aon earráidí móra ann	fíorbheagán earráidí ann	beagán earráidí móra ann	roinnt earráidí móra ann	tá an-chuid earráidí móra ann	earráid shuntasach (earráidí suntasacha)
5 mharc x2	5	4	3	2	1	0

Ceist 3 (a)

5 marc x 2

A – Na Deich nAitheanta

B – Na Dharma Sutras

C – Conair na nOcht Rian

D – Na Cúig Cholún

E – Dlí an Ghrá

Meaitseáil dhá cheann de na cóid mhorálta thuas leis na reiligiúin is mó a bhfuil baint acu leo ón liosta seo a leanas: an Búdachas, an Chríostaíocht, an Hiondúchas, Ioslam nó an Giúdachas.

Critéir mharcála agus pointí tagartha:

I bhfreagra den scoth, léireofar eolas ar chóid mhorálta reiligiúnacha trí dhá chód morálta a nascadh i gceart leis na reiligiúin is mó lena mbaineann siad as an liosta de reiligiúin sa cheist i.e. A – Na Deich nAitheanta leis an nGiúdachas; B – Dharma Sutras leis an Hiondúchas; C – Conair na nOcht Rian leis an mBúdachas; D – Na Cúig Cholún le hIoslam; E – Dlí an Ghrá leis an gCríostaíocht. Cód MC ✓ x2 san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

Nóta: Ceadaigh tagairt do litir agus /nó d'ainm cód morálta a thugtar sa cheist.

Má roghnaíonn iarrthóir dhá cheann de na reiligiúin atá liostaithe sa cheist agus má luann sé/sí an cód morálta céanna/an tsraith rialacha céanna le gach ceann acu - Téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach

Fianaise ar chóid mhorálta a bhaineann le dhá reiligiún	Sármhaith	An-Mhaith	Maith	Réasúnta	Lag	
	fianaise mhór	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
Baint le hábhar	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
Úsáid scil(eanna) – ainmniú/aithint	Sármhaith	an-mhaith	maith	roinnt	beagán	fíorbheagán scileanna/ gan aon scileanna
Cruinneas na bhFíricí	níl aon earráidí móra ann	tá fíorbheagán earráidí ann	níl mórán earráidí móra ann	tá roinnt earráidí móra ann	tá an-chuid earráidí móra ann	tá an-chuid earráidí ollmhóra ann
5 mharc x2	5	4	3	2	1	0

Sampla is ea ‘Cuimhnigh ar lá na Sabóide agus coinnigh naofa é’ den chaoi a bhféadfadh tionchar a bheith ag cód morálta ar an gcleachtadh reiligiúnach.

Déan cur síos ar shampla eile den chaoi a bhféadfadh tionchar a bheith ag cód morálta reiligiúnach ar chleachtadh reiligiúnach na mball de mhór-reiligiún domhanda.

Critéir mharcála agus pointí tagartha:

I bhfreagra den scoth, léireofar tuiscint ar chód morálta reiligiúnach trí chuntas cruinn a thabhairt ar bhealach ina bhféadfadh cód morálta reiligiúnach tionchar a imirt ar chleachtadh reiligiúnach na mball de mhór-reiligiún domhanda, seachas an méid a luaitear sa cheist m.sh.

- An Búdachas -D’fhéadfadh tionchar a bheith ag ‘aireachas ceart’ ar chreidmhigh machnamh a dhéanamh, srl.
- An Chríostaíocht -- D’fhéadfadh an teachtaireacht ‘Gráigh do chomharsa’ creidmhigh a spreagadh an tsíocháin a chur chun cinn, srl.
- An Hiondúchas -- D’fhéadfadh ‘Na Cúig Dhualgas Laethúla’ tionchar a imirt ar chreidmhigh meas a bheith acu ar thuismitheoirí agus ar sheanóirí, srl.
- Ioslam -- D’fhéadfadh ‘an Hajj’ tionchar a imirt ar chreidmhigh páirt a ghlacadh in oilithreach, srl.
- An Giúdachas -- D’fhéadfadh ‘na Deich nAitheanta’ tionchar a imirt ar chreidmhigh chun an dlí faoi bhia a urramú, srl.

Cód MC ✓ san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

C	DEN SCOTH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG	
<i>Fianaise de thionchar ag cód morálta reiligiúnach ar chleachtadh reiligiúnach</i>	fianaise mhór	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
<i>Baint le hábhar</i>	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
<i>Úsáid scil(eanna) – tabhair cuntas</i>	den scoth	an-mhaith	maith	roinnt	beagán	fíorbheagán scileanna/ gan aon scileanna
<i>Cruinneas na bhFíricí</i>	níl aon earráidí móra ann	fíorbheagán earráidí ann	beagán earráidí móra ann	roinnt earráidí móra ann	tá an-chuid earráidí móra ann	earráid shuntasach (earráidí suntasacha)
10 marc	10 – 9	8 - 7	6 - 5	4	3	2 - 0

Déan cur síos ar shampla amháin den chaoi a spreagann an teagasc de cheann amháin de na reiligiúin seo a leanas a b(h)aill le haire a thabhairt don domhan: an Búdachas, an Chríostaíocht, an Hiondúchas, Ioslam nó an Giúdachas.

Critéir mharcála agus pointí tagartha:

I bhfreagra den scoth, léireofar tuiscint ar theagasc reiligiúnach ar chúram don domhan trí chuntas cruinn a thabhairt ar an gcaoi a dtugann teagasc reiligiún amháin, a liostaítear sa cheist, spreagadh do chreidmhigh cúram a thabhairt don domhan m.sh.

- An Búdachas -Múineann ‘Na Cúig Fhoraithe’ nach mór do chreidmhigh staonadh ó aon duine beo a mharú, srl.
- An Chríostaíocht -Múineann Parabal faoin Síol ag Fás de chuid Íosa faoi Ríocht Dé ag baint úsáid as íomhá duine ag tabhairt aire don domhan mar mhaor ar chruthú Dé; cuireann léargas Naomh Proinsias Assisi i gcuimhne do chreidmhigh a gcóngarachacht don domhan nádúrtha, srl.
- An Hiondúchas -Leis ‘Na Cúig Dhualgas Laethúla’ múintear do chreidmhigh conas beatha agus cúram a thabhairt d’ainmhithe, srl.
- Ioslam -Leagann an teagasc maidir le leasionadaithe an domhain amach conas a chuir Allah dualgas ar gach duine aire a thabhairt dá chruthú go léir a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar chreidmhigh aire a thabhairt don chomhshaol trí athchúrsáil agus laghdú a dhéanamh ar astuithe carbóin, srl.
- An Giúdachas -Múineann na Scriptorí Eabhraise go ndearbhaítear lubhaile gach 50ú bliain nach ndéanfar aon obair thalmhaíochta, srl.

Cód MC ✓ san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

Nóta: Ceadaigh tagairt intuigthe do theagasc aon reiligiúin amháin atá liostaithe sa cheist.

C	DEN SCOTH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG	
Fianaise ar conas a spreagann teagasc an reiligiúin cúram don domhan	fianaise mhór	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
Baint le hábhar	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
Úsáid scil(eanna) – tabhair cuntas	den scoth	an-mhaith	maith	roinnt	beagán	fíorbheagán scileanna/ gan aon scileanna
Cruinneas na bhFíricí	níl aon earráidí móra ann	fíorbheagán earráidí ann	beagán earráidí móra ann	roinnt earráidí móra ann	tá an-chuid earráidí móra ann	earráid shuntasach (earráidí suntasacha)
15 Mharc	15 - 13	12 - 11	10 - 8	7 - 6	5 - 3	2 - 0

Ceist 4 (a)

2 marc x 3

Léigh an cuntas thíos agus freagair an cheist a leanann. ...

Ó do léamh ar an gcuntas thuas, críochnaigh na habairtí seo a leanas ag baint úsáid as na focail ón mbosca thíos. Críochnaíodh abairt amháin mar shampla duit.

Athrú	Lá an Domhain	‘Ar Son Daoine, Ar Son an Phláinéid’	Stampa
-------	---------------	--------------------------------------	--------

Critéir mharcála agus pointí tagartha:

I bhfreagra den scoth, léireofar tuiscint ar an gcaoi a bhfuil cúram don domhan ábhartha sa lá atá inniu ann trí na habairtí a chríochnú go beacht ag baint úsáide as na focail a thugtar sa cheist i.e.

- In 2021, d’eisigh an Post dhá - Stampa - speisialta.
- D’eisigh an Post iad seo chun- Lá an Domhain 2021 a chomóradh
- Dearadh iad seo chun daoine a spreagadh le gníomhú ar son - Athrú - aeráide
- D’eisigh an Post iad seo mar chuid d’fheachtas ar ar tugadh - ‘Ar Son Daoine, Ar Son an Phláinéid’

Cód MC ✓x3 san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

Ceist 4 (b)**10 marc**

Déan cur síos ar shampla eile den obair atá á déanamh ag grúpa/eagraíocht chun cúram don domhan a chur chun cinn sa lá atá inniu ann.

Critéir mharcála agus pointí tagartha:

I bhfreagra den scoth, léireofar tuiscint ar an gcaoi a bhfuil ábharthacht ag baint le cúram a thabhairt don domhan sa lá atá inniu ann trí chuntas cruinn a thabhairt ar an obair atá á déanamh ag grúpa/eagraíocht amháin reiligiúnach nó neamhreiligiúnach chun cúram don domhan a chur chun cinn sa lá atá inniu ann.

- An Chríostaíocht - Tuigeann orduithe reiligiúnacha go bhfuil a ndualgas i leith an dúlra agus an chruthaitheora mar chuid riachtanach dá gcreideamh agus tá siad tosaithe ar athmhachnamh a dhéanamh ar a ról agus ar a dtionchar ar an domhan m.sh Siúracha na Toirbhearta agus Siúracha Doiminiceacha, srl.
- Cairde na Cruinne - gluaiseacht atá i mbun feachtasaíocht ar son truailliú nialasach inar féidir le daoine agus leis an domhan nádúrtha rathú, srl.
- Srl.

Cuir Cód MC✓ san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair

Nóta: Ceadaigh tagairt don chaoi a bhfuil daoine aonair/comhlachtaí ag obair chun cúram don domhan a chur chun cinn i measc daoine.

C	DEN SCOTH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG	
Fianaise den obair a dhéanann an grúpa/an eagraíocht chun cúram don domhan a chur chun cinn sa lá atá inniu ann	fianaise mhór	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
Baint le hábhar	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
Úsáid scil(eanna) – tabhair cuntas	den scoth	an-mhaith	maith	roinnt	beagán	fíorbheagán scileanna/ gan aon scileanna
Cruinneas na bhFíricí	níl aon earráidí móra ann	fíorbheagán earráidí ann	beagán earráidí móra ann	roinnt earráidí móra ann	tá an-chuid earráidí móra ann	earráid shuntasach (earráidí suntasacha)
10 marc	10 - 9	8 - 7	6 – 5	4	3 -	2 - 0

Ceist 5 (a)**4 marc x 3**

A – Nirbheána B – Na Ceithre Fhírinne Thriathacha C – An Shahada/Shahadah

D – An Seama E – An Tríonóid

Meitseáil trí cinn de na creidimh reiligiúnacha atá liostaithe thuas leis na reiligiúin is mó a bhfuil baint acu leo ón liosta seo a leanas: an Búdachas, an Chríostaíocht, an Hiondúchas, Ioslam nó an Giúdachas.

Critéir mharcála agus pointí tagartha:

I bhfreagra den scoth, léireofar eolas ar chreidimh na mór-reiligiún domhanda trí thrí cinn de na creidimh a liostaítear sa cheist a nascadh i gceart leis na reiligiúin is mó lena mbaineann siad as an liosta de reiligiúin sa cheist – i.e.

A – Nirbheána leis an Hiondúchas; B – Na Ceithre Fhírinne Thriathacha leis an mBúdachas

C – An Shahada le hIoslam; D – An Seama leis an nGiúdachas; E – An Tríonóid leis an gCríostaíocht

Cuir Cód MC✓ x 3 san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

Nóta: Ceadaiigh tagairt do litir agus /nó creideamh a thugtar sa cheist.

C	DEN SCOTH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG	
Fianaise de nascadh creidimh reiligiúnacha leis an reiligiún.	fianaise mhór	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
Baint le hábhar	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
Úsáid scil(eanna) – nascadh	den scoth	an-mhaith	maith	roinnt	beagán	fíorbheagán scileanna/ gan aon scileanna
Cruinneas na bhFíricí	níl aon earráidí móra ann	fíorbheagán earráidí ann	beagán earráidí móra ann	roinnt earráidí móra ann	tá an-chuid earráidí móra ann	earráid shuntasach (earráidí suntasacha)
4 mharc x 3	4	3	–	2	1	0

Ceist 5 (b)

8 mharc

Luaigh conas is féidir le rud amháin ón ngrianghraf seo a thaispeáint gur tionól idirchreidmheach é seo.

Critéir mharcála agus pointí tagartha:

I bhfreagra den scoth, léireofar tuiscint ar chomhphlé idirchreidmheach trí rud amháin a aithint go beacht ón bhfótagraf a thugtar sa cheist a thugann le tuiscint gur cruinniú idirchreidmheach é seo m.sh.

- Tá daoine ag caitheamh éadaí saineúla do cheannaire i mór-reiligiún an domhain, srl.
- Tá daoine ag caitheamh siombailí reiligiúnacha nó ceannbheart a bhaineann le mór-reiligiún an domhain, srl.
- Srl.

Cód MC✓ san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

C	DEN SCOTH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG	
Fianaise de dhialóg idirchreidmheach	fianaise mhór	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
Baint le hábhar	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
Úsáid scil(eanna) – sainaithin	den scoth	an-mhaith	maith	roinnt	beagán	fíorbheagán scileanna/ gan aon scileanna
Cruinneas na bhFíricí	níl aon earráidí móra ann	fíorbheagán earráidí ann	beagán earráidí móra ann	roinnt earráidí móra ann	tá an-chuid earráidí móra ann	earráid shuntasach (earráidí suntasacha)
8 marc	8 - 7	6	5	4	3 - 2	1 - 0

Ceist 5 (c)

9 marc

Déan cur síos ar shampla eile den chaoi a spreagtar dialóg idir creidimh éagsúla i dteagasc ceann amháin de na reiligiúin seo: An Búdachas, An Chríostaíocht, An Hiondúchas, Ioslam, An Giúdachas.

Critéir mharcála agus pointí tagartha:

I bhfreagra den scoth, léireofar tuiscint ar dhialóg idir creidimh éagsúla trí chuntas a thabhairt ar an gcaoi a spreagtar dialóg laistigh de nó idir na creidimh reiligiúnacha éagsúla, seachas an méid a thugtar i gcuid (b) den cheist m.sh.

- Cruinniú idir reiligiúin dhomhanda éagsúla i.e. cruinniú ceannairí Ioslamacha agus Críostaí chun saincheistanna comhleasa a phlé, srl.
- Lá domhanda na síochána m.sh. áit a chruinníonn ceannairí reiligiúin dhomhanda éagsúla le chéile in Assisi chun urnaí, srl.
- Srl.

Cód MC✓ san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

C	DEN SCOTH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG	
<i>Fianaise de dhialóg idir na reiligiúin éagsúla atá liostaithe</i>	fianaise mhór	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
<i>Baint le hábhar</i>	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
<i>Úsáid scil(eanna) – tabhair cuntas</i>	den scoth	an-mhaith	maith	roinnt	beagán	fíorbheagán scileanna/ gan aon scileanna
<i>Cruinneas na bhFíricí</i>	níl aon earráidí móra ann	fíorbheagán earráidí ann	beagán earráidí móra ann	roinnt earráidí móra ann	tá an-chuid earráidí móra ann	earráid shuntasach (earráidí suntasacha)
9 marc	9 - 8	7 - 6	5	4	3 - 2	1 - 0

Ceist 5 (d)

6 mharc x 2

Samhlaigh gur iarradh ort caint a thabhairt do rang sa chéad bhliain faoin tábhacht a bhaineann le meas a bheith ag duine ar chreideamh daoine eile. Mínigh dhá chúis le meas a bheith ag duine ar chreideamh daoine eile a leagfá béim orthu i do chaint.

Critéir mharcála agus pointí tagartha:

I bhfreagra den scoth, léireofar tuiscint ar thábhacht an chomhphlé idir chreidimh éagsúla chun an tsíocháin agus an athmhuintearas a chur chun cinn trí chuntas cruinn a thabhairt ar dhá chúis le meas a bheith acu ar chreidimh daoine eile e.g.

- Caidrimh mhaithe a fhorbairt idir thraidisiúin éagsúla, srl.
- Tuiscint ar chreidimh reiligiúnacha éagsúla agus léirmhínte ar an saol a chur chun cinn, srl.
- Srl.

Cód MC ✓ x2 san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

C	DEN SCOTH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG	
<i>Fianaise de dhá fháth le meas a bheith ag duine ar chreideamh daoine eile</i>	fianaise mhór	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
<i>Baint le hábhar</i>	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
<i>Úsáid scil(eanna) cur síos ar dhá chúis</i>	den scoth	an-mhaith	maith	roinnt	beagán	fíorbheagán scileanna/gan aon scileanna
<i>Cruinneas na bhFíricí</i>	níl aon earráidí móra ann	fíorbheagán earráidí ann	beagán earráidí móra ann	roinnt earráidí móra ann	tá an-chuid earráidí móra ann	earráid shuntasach (earráidí suntasacha)
6 mharcx2	6 - 5	4	3	2	1 -	0

**Ní mór don iarrthóir gach ceist a fhreagairt.
Tá spás le haghaidh obair bhreise ag deireadh Roinn B sa leabhrán.**

Ceist 6 (a)

8 marc

Léigh focail an amhráin thíos agus freagair an cheist a leanann. ...

I d'fhocail féin, luaigh conas is féidir duine atá ag ceistiú bhrí na beatha a fheiceáil san amhrán thuas.

Critéir mharcála agus pointí tagartha

I bhfreagra den scoth, léireofar tuiscint ar chuardach an duine do bhrí na beatha trí aithint go beacht i ráiteas gonta conas is féidir ceistiú brí na beatha a fheiceáil i bhfocail an amhráin a thugtar sa cheist m.sh.

- Machnamh a dhéanamh maidir le conas difríocht a dhéanamh sa domhan, srl.
- AG ceistiú cén fáth a mbíonn daoine ar domhan ag streachailt, srl.
- Srl.

Cód MC ✓ san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

C	DEN SCOTH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG	
Fianaise ar cuardach an duine daonna do bhrí na beatha	fianaise mhór	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
Baint le hábhar	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
Úsáid scile(anna) - scileanna an-mhaith i gcur síos i ráiteas gonta	den scoth	an-mhaith	maith	roinnt	beagán	fíorbheagán scileanna/ gan aon scileanna
Cruinneas na bhFíricí	níl aon earráidí móra ann	fíorbheagán earráidí ann	beagán earráidí móra ann	roinnt earráidí móra ann	tá an-chuid earráidí móra ann	earráid shuntasach (earráidí suntasacha)
8 marc	8 - 7	6	5	4	3 - 2	1 - 0

Ceist 6 (b)

8 marc x 2

Déan cur síos ar conas is féidir duine atá ag ceistiú bhrí na beatha a fheiceáil i samplaí de ceann amháin díobh seo a leanas: ● Ealaín ● Scannáin ● Litríocht

Critéir mharcála agus pointí tagartha:

I bhfreagra den scoth, léireofar tuiscint ar chuardach an duine do bhrí na beatha trí chuntas cruinn a thabhairt ar an gcaoi ar féidir ceistiú brí na beatha a fheiceáil in dhá shampla as ceann ar bith díobh seo a leanas: ● Ealaín ● Scannáin ● Litríocht m.sh.

- Ealaín - Pictiúr 'Guernica' le Picasso faoi uafás agus fulaingt an chogaidh, srl.
- Scannáin - The Life of Pi - buachaill ag cuardach brí na beatha trí eispéiris dhifriúla, srl.
- Litríocht - Sophie's World - Scéal cailín óg atá ag déanamh cúrsa fealsúnachta a thugann uirthi ceisteanna a chur faoi bhrí na beatha, srl.

Cód MC ✓ san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

Nóta: Mura ndéanann iarrthóir tagairt do shamplaí as Ealaín agus/nó Scannán agus/nó Litríocht de réir mar a éilíonn an cheist, ach go ndéanann sé tagairt intuigthe dóibh seo san Ealaín/Scannán/Litríocht, marcáil de réir a thuillteanas go dtí 5 mharc ar a mhéad.

C	DEN SCOTH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG	
<i>Fianaise ar cheistiú bhrí na beatha</i>	fianaise mhór	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
<i>Baint le hábhar</i>	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
<i>Úsáid scil(eanna) – tabhair cuntas</i>	den scoth	an-mhaith	maith	Roinnt	beagán	fíorbheagán scileanna/ gan aon scileanna
<i>Cruinneas na bhFíricí</i>	níl aon earráidí móra ann	fíorbheagán earráidí ann	beagán earráidí móra ann	roinnt earráidí móra ann	tá an-chuid earráidí móra ann	earráid shuntasach (earráidí suntasacha)
8 marc x 2	8 - 7	6	5	4	3 - 2	1 - 0

Ceist 7(a)

5 marc x 2

A – Soiscéil B – An Córán C – Scrollaí an Torah D – Tripitaka E – Na Véidí
Meaitseáil dhá cheann de na téacsanna diaga thuas leis na reiligiúin is mó a bhfuil baint acu leo ón liosta seo a leanas: an Búdachas, an Chríostaíocht, an Hiondúchas, Ioslam nó an Giúdachas.

Critéir mharcála agus pointí tagartha:

I bhfreagra den scoth, léireofar eolas ar théacsanna diaga mhór-reiligiúin an domhain trí dhá cheann de na téacsanna naofa atá liostaithe sa cheist a nascadh go cruinn leis an reiligiún is mó a bhfuil baint acu leo i.e. A – Soiscéil leis an gCríostaíocht; B – An Córán le hIoslam; C – Scrollaí an Torah leis an nGiúdachas; D – Tripitaka leis an mBúdachas; E – Na Véidí leis an Hiondúchas.

Cód MC ✓ x2 san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

Nóta: Ceadaiigh tagairt do litir agus /nó do théacs diaga a thugtar sa cheist.

C	DEN SCOTH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG	
<i>Fianaise de théacsanna diaga</i>	fianaise mhór	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
<i>Baint le hábhar</i>	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
<i>Úsáid scil(eanna) – nascadh</i>	den scoth	an-mhaith	maith	Roinnt	beagán	fíorbheagán scileanna/ gan aon scileanna
<i>Cruinneas na bhFíricí</i>	níl aon earráidí móra ann	fíorbheagán earráidí ann	beagán earráidí móra ann	roinnt earráidí móra ann	tá an-chuid earráidí móra ann	earráid shuntasach (earráidí suntasacha)
5 mharc x 2	5	4	3	2	1	0

Ceist 7 (b)

6 mharc x 2

Mínigh dhá chúis a bhfuil téacs ina théacs diaga ag na baill de reiligiún domhanda.

Critéir mharcála agus pointí tagartha:

I bhfreagra den scoth, léireofar tuiscint ar théacsanna diaga trí chuntas cruinn a thabhairt ar an dá chúis a mbreathnaítear ar théacs mar rud naofa laistigh de mhór-reiligiún domhanda m.sh.

- Tá briathar Dé/déithe/ na diaga ann m.sh. – Creideann lucht leanúna an Ioslaim gurb é an Córan focal díreach Allah, srl.
- Tá scéalta ann faoi nochtadh Dé/déithe/diaga, srl
- Cuireann sé treoir ar fáil maidir le conas saol maith morálta a chaitheamh m.sh. na Deich nAitheanta sa Ghiúdachas, srl.
- Srl.

Cód MC ✓ x 2 san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

C	DEN SCOTH	AN-MHAITH	MAITH	RÉASÚNTA	LAG	
Fianaise ar an bhfáth a mheastar téacs a bheith diaga	fianaise mhór	fianaise an-mhaith	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
Baint le hábhar	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
Úsáid scil(eanna) – cur síos ar na cúiseanna	den scoth	an-mhaith	maith	Roinnt	beagán	fíorbheagán scileanna/ gan aon scileanna
Cruineas na bhFíricí	níl aon earráidí móra ann	fíorbheagán earráidí ann	beagán earráidí móra ann	roinnt earráidí móra ann	tá an-chuid earráidí móra ann	earráid shuntasach (earráidí suntasacha)
6 mharc x 2	6 - 5	4	3	2	1 -	0

Ceist 7 (c)

10 marc

Déan cur síos ar shampla den tuiscint ar Dhia/ar na déithe/ar an diagaire atá léirithe i dtéacs diaga a bhaineann le ceann amháin de na reiligiúin seo a leanas: an Búdachas, an Chríostaíocht, an Hiondúchas, Ioslaim nó an Giúdachas.

Critéir mharcála agus pointí tagartha:

I bhfreagra den scoth, léireofar eolas ar théacs diaga trí chuntas cruinn a thabhairt ar an tuiscint ar Dhia/déithe/diaga a chuirtear in iúl i dtéacs diaga a bhaineann le reiligiún amháin atá liostaithe sa cheist m.sh.

